BGE/RG/AH/1011

Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Gás Sa bhaile

Deireadh Fómhair / Samhain 2011

Level Pay – an bealach indéanta do bhille a íoc

SAN EAGRÁN SEO

Gás Nádúrtha – Sonraí na n-arduithe praghas **2**

Level Pay – Íoc an méid chéanna gach mí **3**

NUASHONRÚ AR THARAIFÍ

Gás Nádúrtha
Ardú Praghas

Mar is eol duit isdócha ó thuairiscí nuachta le déanaí, tá praghas mórdhíola gáis don Gheimhreadh atá ag teacht 33% níos costasaí ná anuraidh. Ceannaímid ár gcúid gáis ó na margaí mórdhíola seo, dá bhrí sin bíonn orainn praghas an mhargaidh a íoc. Is oth linn a rá más ea, go mbeimid ag ardú praghasanna gáis chónaithe faoi 21.72% ó 1 Deireadh Fómhair 2011. Os rud é go ndéantar rialáil orainn tá faomhadh tugtha ag an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh don ardú seo.

Ó luath i 2009, tá Bord Gáis Energy tar éis praghasanna a laghdú faoi 25% le trí laghdú praghasanna ar leith (-7.3% i mí Feabhra 2010, -9.3% i mí Deireadh Fómhair 2009 agus -11.2% i mí Bealtaine 2009). Ach, tá praghasanna mórdíola gáis ardaithe go suntasach le bliain anuas. Is mór an trua é, ach bhí ar soláthraithe trasna na hEorpa cuid de na costais seo a chur ar aghaidh go dtía gcustaiméirí.

Ta Bord Gáis tiomanta do réitigh a sholáthar a chabhraíonn le custaiméirí a gcostais a bhainistiú. Cabhraíonn ár méadair íoctar mar a úsáidtear leat smacht ar do chostais agus d'úsáid gháis nádúrtha agus cuireann ár Level Pay ar do chumas costas do bhillí gáis a leathadh ina n-íocaíochtaí atá cothrom le linn na bliana.

Tá tuilleadh eolais ar tharaifí agus roghanna íocaíochta nó ar leideanna spárála fuinnimh ar fáil, ach dul chuig ár suíomh Gréasáin ag bordgaisenergy.ie nó glaoch ar 1850 632 632.

GNÁTH-THARAIF

	ROIMHE (VAT SAN ÁIR.)	ROIMHE (VAT AS AN ÁIR.)	NUA (VAT SAN ÁIR.)	NUA (VAT AS AN ÁIR.)
Buanmhuirear	€68.10	€60.00	€82.89	€73.03
Praghas an aonaid	4.463	3.932	5.432	4.786

Dhá chuid atá sa ghnáth-tharaif seo, an buanmhuirear agus an táille ar an gás nádúrtha a úsáideann tú.

TARAIF GAN BHUANMHUIREAR

	ROIMHE (VAT SAN ÁIR.)	ROIMHE (VAT AS AN ÁIR.)	NUA (VAT SAN ÁIR.)	NUA (VAT AS AN ÁIR.)
Leibhéal 1 - Praghas aonaid	6.836	6.023	8.321	7.331
Leibhéal 2 - Praghas aonaid	4.463	3.932	5.432	4.786

Tá an taraif seo ann deartha do chustaiméirí ar fearr leo gan buanmhuirear a íoc. Ina ionad sin, dhá leibhéal buanmhuirear atá ann, is ag rátaí Leibhéal 1 a dhéantar an chéad 2.870 aonad a mhuirearú agus déantar aonaid bhreise a mhuirearú ag ráta Leibhéal 2.

TARAIF CHOIGILTE GHEIMHRIDH

	ROIMHE (VAT SAN ÁIR.)	ROIMHE (VAT AS AN ÁIR.)	NUA (VAT SAN ÁIR.)	NUA (VAT AS AN ÁIR.)
Buanmhuirear	€209.76	€184.81	€255.31	€224.94
Aonaid Chuachta	3420	3420	3174	3174
Praghas Aonaid	4.463	3.932	5.432	4.786

I gcás Taraif Choigilte Gheimhridh, tá táille buanmhuirir de €255.31 (€224.94 gan VAT san áireamh sa bhliain. Tá tú i dteideal ansin 3,174 aonaid chuachta a fháil thar tréimhse an Gheimhridh gan táille bhreise a ghearradh ort.

Gearrtar VAT ar 13.5% Ar mhaithe le heolas a shlánaítear an ríomhadh VAT go dhá ionad deachúlach.

Téigh chuig: **bordgaisenergy.ie**
Glaoigh ar: **1850 632 632**

Deireadh le tuairimíocht
agus do bhillí gáis á n-íoc agat

Nach mbeadh sé ar fheabhas dá mbeadh a fhios agat cé mhéid go díreach a chosnóidh do chuid gáis gach mí? Is féidir anois le Level Pay de chuid Bord Gáis Energy. Tá sé chomh héasca leis seo:

- **Aontaíonn tú ar shuim mhíosúil a íoc.**
- **Tá an tsuim seo bunaithe ar an méid gáis a d'úsáid tú anuraidh agus praghasanna reatha**
- **Íocann tú le Dochar Díreach**

Le Level Pay, beidh smacht agat i gcónaí ar do bhuiséad gáis mar bíonn a fhios agat cé mhéid a bheidh á íoc agat gach mí. Deireadh leis na geiteanna gan choinne i do bhille gach mí, agus ina áit an tsuim chéanna gach mí.



Buntáistí Level Pay

- Ceannas iomlán agat ar do bhuiséad gáis nádúrtha toisc fios a bheith agat cé mhéid is gá a íoc le Dochar Díreach gach mí
- Roghnaíonn tú dáta íocaíochta a oireann duit.
- Ní bhainfidh do bhille aon gheit asat.
- Ag deireadh an 12 mí tugtar ar aghaidh aon tsuim atá dlite duit nó dúinne go dtí an bhliain dar gcionn agus scaiptear go cothrom thar na híocaíochtaí míosúla í.
- Seirbhís saor in aisce atá ar ár ngnáththaraif d'éinne ar mian leo clárú chun í a fháil

Tá se saor in aisce agus an-éasca clárú do **Level Pay**. Glaoigh orainn ar **1850 632 632**, bíodh na nithe seo go léir a leanas agat agus déanfaimid an chuid eile:

- **Dochar Díreach socraithe agat le Bord Gáis Energy**
- **Gan aon riaráiste ar do chuntas**
- **Fíor-léamh méadair a déanadh le déanaí**

Bíodh smacht agat le Level Pay
Téigh go: **bordgaisenergy.ie/levelpay**
Glaoigh ar: **1850 632 632**

Bunaítear an tsuim mhíosúil a bheadh le híoc agat ar úsáid le déanaí, an méid a d'úsáid tú anuraidh agus praghasanna fuinnimh. Cuirtear breisiú i dtosach de 20% leis d'éagsúlachtaí san úsáid a chlúdach. Má bhíonn éagsúlacht mhíosúil de bhreis agus €20 socróimid an méid a íocann tú go míosúil. Má tá iarmhéid níos lú ná €200 le híoc agat nó dlite duit, tabharfar an méid seo anonn isteach sa bhliain nua agus úsáidfear é chun an méid mhíosúil a shocrú don bhliain le teacht. Téann téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm. Level Pay atá mar ainm anois ar Dochar Díreach Plan Pay.